

IONSTRAIMÍ REACTÚLA

I.R. Uimh. [•] de 2017

NA RIALACHÁIN UM THEANNTÁIL FEITHICLÍ AGUS UM CHOMHARTHAÍOCHT, 2017

I.R.Uimh. [•] de 2017

NA RIALACHÁIN UM THEANNTÁIL FEITHICLÍ AGUS UM CHOMHARTHAÍOCHT, 2017

Riar na Rialachán

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1. Lua
2. Tosach feidhme
3. Mínithe agus léiriú
4. Cumhacht chun rialacháin a dhéanamh

CUID 2

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TEANNTÁLA

5. An tréimhse ama chun teanntáil agus athshuíomh a dhéanamh
6. An tréimhse ama chun teanntán a bhaint nó chun feithicil a scaoileadh
7. Méid muirir iomchuí- áiteanna teanntála neamhrechtúla
8. Rochtain ar fheithicil athshuite
9. Cineál an teanntáin
10. Fianaise ar locadh neamhdhleathach nó éagórach
11. Modh aitheantais oibritheora teanntála

12. Feithicil theanntála a aithint
13. Foirm fógra teanntála
14. Muirear iomchuí a íoc
15. Rialacháin phionósacha – rialacháin teanntála

CUID 3

ACHOMHAIRC

16. Nósanna imeachta le haghaidh achomhairc
17. Foráil a bhaineann le táille a mhuirearú i leith achomharc a dhéanamh chuig rialaitheoir lotha

CUID 4

TAIFID A CHOIMEÁD AGUS FAISNÉIS A SHOLÁTHAR

18. Taifid
19. Faisnéis a sholáthar

CUID 5

COMHARTHAÍOCHT

20. Feidhm na rialachán maidir le comharthaíocht
21. Ceanglais ghinearálta maidir le faisnéis teanntála agus comharthaí gaolmhara eile
22. Comharthaí ginearálta ag an mbealach isteach chuig suímh locha
23. Comharthaí teanntála ag an mbealach isteach agus ag an mbealach amach do choisithe
24. Suímh le haghaidh comharthaí breise
25. Mionsonraí comharthaí faisnéise teanntála

SCEIDEAL 1

Foirm Fógra Teanntála

SCEIDEAL 2

Siombail theanntála

NA RIALACHÁIN UM THEANNTÁIL FEITHICLÍ AGUS UM CHOMHARTHAÍOCHT, 2017

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hailt 10, 11, 15 agus 20 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015 (Uimh. 13 de 2015), agus le toiliú an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair, leis seo, na rialacháin seo a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Lua

1. Na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017 is teideal do na Rialacháin seo.

Tosach feidhme

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an [•], seachas Cuid 5, a thiocfaidh i ngníomh an [•].

Mínithe agus léiriú

3. (a) Sna Rialacháin seo –

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Theanntáil Feithiclí, 2015 (Uimh. 13 de 2015);

ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Thracht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961);

ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 (Uimh. 31 de 2005);

ciallaíonn “aerfort” aerfort Stáit (de réir bhrí an Achta um Aerfort Stáit, 2004) nó aerfort eile a bhféadfaidh an tAire fodhlíthe a dhéanamh ina leith faoi alt 15 den Acht um Aerfort Stáit, 2004;

ciallaíonn “duine údaraithe” duine nó aicme daoine a cheapfar faoi alt 23 den Acht;

ciallaíonn “teanntán” feiste nó fearas atá deartha nó oiriúnaithe lena daingniú nó lena dhaingniú d’fheithicil ionas nach féidir í a thiomáint nó í a chur ag gluaiseacht ar shlí eile;

ciallaíonn “teanntáil” teanntán a dhaingniú d’fheithicil atá lotha;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí teanntála” –

- (a) teanntáil,
- (b) teanntán a bhaint d’fheithicil,
- (c) feithicil a athshuíomh, nó

(d) muirir a fhorchur –

(i) mar choinníoll chun teanntán a bhaint d’fheithicil, nó

(ii) i leith feithicil a athshuíomh;

ciallaíonn “comhartha faisnéise teanntála” comhartha a sholáthraítear ag áit teanntála, seachas bóthar poiblí, ar a mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i Rialachán 25 i dtaca le gníomhaíochtaí teanntála ag an áit teanntála sin;

ciallaíonn “fógra teanntála” fógra a bheidh greamaithe d’fheithicil de réir alt 13 den Acht;

ciallaíonn “oibritheoir teanntála” duine atá údaraithe ag rialaitheoir lotha chun gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh thar ceann an rialaitheora lotha agus folaíonn sé comhalta d’fhoireann an oibritheora teanntála agus, maidir le gníomhaíochtaí teanntála arna ndéanamh faoi alt 101B, folaíonn sé oifigeach teanntála (de réir bhrí an ailt sin);

ciallaíonn “comhalta d’fhoireann an oibritheora teanntála” fostaí de chuid oibritheoir teanntála a bheidh ag gabháil do ghníomhaíochtaí teanntála agus folaíonn sé aon duine eile a bheidh ar fostú ag oibritheoir teanntála chun gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh thar a cheann nó thar a ceann;

ciallaíonn “áit teanntála” áit teanntála reachtúil nó áit teanntála neamhreachtúil, nó iad araon, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “siombail theanntála” siombail san fhoirm agus ar a bhfuil na dathanna a shonraítear i Sceideal 2;

ciallaíonn “muirear scaoilte teanntáin” muirear i leith teanntán atá daingnithe d’fheithicil atá lotha go neamhdhleathach nó go héagórach a bhaint;

tá le “lárionad cuain iascaigh” an bhrí a shanntar dó san Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968;

tá le “cuan” an bhrí a shanntar dó san Acht Cuanta, 1996;

ciallaíonn “áit teanntála neamhreachtúil” áit, seachas áit teanntála reachtúil, ina bhfuil gníomhíochtaí teanntála i bhfeidhm;

ciallaíonn “ÚNI” an tÚdarás Náisiúnta Iompair;

tá le “locadh”, i ndáil le feithicil, an bhrí a shanntar dó le halt 3 d’Acht 1961;

ciallaíonn “rialaitheoir lotha”, i ndáil le háit teanntála, an duine atá freagrach, maidir leis an áit teanntála sin, as an dlí nó na rialacha is infheidhme maidir le locadh san áit sin a fhorfheidhmiú, ach ní fholaíonn sé comhalta den Gharda Síochána ná maor tráchta atá údaraithe chuige sin;

ciallaíonn “póna” áit dhaingean, atá ar fáil do rialaitheoir lotha nó d’oibritheoir teanntála, ina bhféadfar feithicil, ar fionnadh go bhfuil sí lotha go héagórach nó go mídhleathach in áit teanntála, a choinneáil go dtí go n-íocfar an muirear iomchuí;

tá le “bóthar poiblí” an bhrí a shanntar dó le halt 3 d’Acht 1961;

ciallaíonn “muirear iomchuí” muirear scaoilte teanntáin nó muirear athshuímh nó iad araon;

ciallaíonn “táille lothha iomchuí” an muirear nó na muirir a fhorchuirfidh an rialaitheoir lothha i leith feithicil a locadh in áit teanntála agus is coinníoll maidir le feithicil a locadh san áit sin;

ciallaíonn “athshuíomh”, i ndáil le feithicil atá lothha go héagórach nó go neamhdhleathach, an fheithicil a bhogadh ón áit ina bhfuil sé lothha (cibé acu a daingníodh teanntán di roimh í a athshuíomh nó dá éis sin) go dtí áit eile;

ciallaíonn “muirear athshuímh” muirear i leith feithicil atá lothha go héagórach nó go neamhdhleathacha athshuíomh go dtí áit eile;

ciallaíonn “alt 101B” alt 101B (a cuireadh isteach le halt 32 den Acht) d’Acht 1961;

ciallaíonn “comhlacht reachtúil”, de réir mar a bheidh, aerfort, Córas Iompair Éireann, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (mar chomharba ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid de bhun Acht na mBóithre, 2015), cuan nó lárionaid cuain iascaigh nó comhlacht arna bhunú faoi reacht atá i bhfeighil áit teanntála a shonraítear faoi alt 5 den Acht;

ciallaíonn “áit teanntála reachtúil” –

- (a) bóthar poiblí ar a ndéantar gníomhaíochtaí teanntála de réir alt 101B,
- (b) aerfort ina ndéantar gníomhaíochtaí teanntála faoi fhodhlíthe arna ndéanamh faoi alt 15 (3)(o) den Acht um Aerfort Stáit, 2004,
- (c) talamh atá ar úinéireacht nó á áitiú ag Córas Iompair Éireann ina ndéantar gníomhaíochtaí teanntála faoi fhodhlíthe arna ndéanamh faoi alt 22(1)(ee)(ii) (a cuireadh isteach le halt 34 (c) den Acht) den Acht Iompair, 1950,
- (d) lárionad cuain iascaigh ina ndéantar gníomhaíochtaí teanntála faoi fhodhlíthe arna ndéanamh faoi alt 4 (2)(aa) (a cuireadh isteach le halt 35(a) den Acht) den Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968,
- (e) cuan ina ndéantar gníomhaíochtaí teanntála faoi fhodhlíthe arna ndéanamh faoi alt 42 (1A)(b) (a cuireadh isteach le halt 36(c) den Acht) den Acht Cuanta, 1996,
- (f) áit ina ndéantar gníomhaíochtaí teanntála faoi alt 66A (a cuireadh isteach le halt 134 d’Acht 2005) den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001, agus
- (g) cibé áiteanna eile a shonróidh an tAire faoi alt 5 ina ndéantar gníomhaíochtaí teanntála faoi achtachán;

tá le “maor tráchta” an bhrí a shanntar dó san Acht um Údarás Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975;

ciallaíonn “neamhdhleathach”, i ndáil le feithicil atá lothha in áit teanntála reachtúil,

feithicil atá lothha de shárú ar achtachán;

ciallaíonn “feithicil” feithicil inneallghluaiste (de réir bhrí alt 3 d’Acht 1961), leantóir nó leathleantóir nó teaghlaim de dhá cheann nó níos mó díobh;

ciallaíonn “éagórach”, i ndáil le feithicil atá lothha in áit teanntála –

- (a) i gcás gur áit teanntála neamhrechtúil an áit teanntála, go bhfuil an feithicil lothha de shárú ar na téarmaí agus na coinníollacha nó na srianta nó na toirmisc is infheidhme maidir le locadh san áit lena mbaineann, nó
- (b) i gcás gur áit teanntála reachtúil atá faoi rialú ag comhlacht reachtúil an áit teanntála, nach mbeidh an muirear arna fhorchur i leith an feithicil a locadh, a cheadaítear a shocrú faoi achtachán, íoctha agus nach sárú ar achtachán an mainneachtain an muirear a íoc, agus

léireofar “go héagórach” dá réir.

- (b) Sna Rialacháin seo -
 - (i) aon tagairt do Rialachán is tagairt í do Rialachán de chuid na Rialachán seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt do rialachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (ii) aon tagairt do mhír nó d’fhomhír is tagairt í don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

Cumhacht chun rialacháin a dhéanamh

4. Sna Rialacháin seo-

- (a) déanann ÚNI Cuid 1, de réir mar is infheidhme, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hait 10, 11, 15 agus 20 den Acht;
- (b) déanann ÚNI Rialachán 7 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 15 den Acht;
- (c) déanann ÚNI Rialachán 16 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 20 den Acht;
- (d) maidir leis na Rialacháin atá i gCuid 2, i gCuid 3, i gCuid 4 agus i Sceideal 1, seachas Rialacháin 7 agus 16, déanann ÚNI iad i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 10 den Acht; agus
- (e) déanann ÚNI na Rialacháin atá i gCuid 5 agus i Sceideal 2 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 11 den Acht.

CUID 2

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TEANNTÁLA

An tréimhse ama chun teanntáil agus athshuíomh a dhéanamh

5. (a) I gcás go mbeidh feithicil lothcha go héagórach in áit teanntála neamhrechtúil mar gheall ar mhainneachtain ar thaobh an tiománaí nó an duine a bheidh i bhfeighil na feithicle an táille lothcha iomchuí a íoc nó mar gheall ar an tréimhse dá gceadaítear locadh faoi threoir na táille lothcha iomchuí a íocadh a bheith éagtha:
- (i) ní ceadmhach teanntán a dhaingniú den fheithicil,
 - (ii) ní ceadmhach an fheithicil a athshuíomh, nó
 - (iii) iad araon, de réir mar a bheidh,
- go dtí:
- (A) i gcás inar íocadh an táille lothcha iomchuí, deich (10) nóimead tar éis an mhainneachtain an táille lothcha iomchuí a íoc a bhraitheadh; nó
 - (B) i gcás go mbeidh an tréimhse, ar ina leith atá feidhm ag an táille lothcha iomchuí a íocadh, éagtha, deich (10) nóimead tar éis don tréimhse sin a bheith éagtha.
- (b) I gcás go mbeidh feithicil lothcha go héagórach in áit teanntála neamhrechtúil mar gheall ar shárú nó ar sháruithe ar na téarmaí agus na coinníollacha nó na srianta nó na toirmisc is infheidhme maidir le locadh san áit teanntála neamhrechtúil lena mbaineann, seachas na téarmaí, na coinníollacha, na srianta nó na toirmisc a thagann faoi réim mhír (a):
- (i) is ceadmhach teanntán a dhaingniú den fheithicil,
 - (ii) is ceadmhach an fheithicil a athshuíomh, nó
 - (iii) iad araon, de réir mar a bheidh,
- aon tráth tar éis an sárú nó na sáruithe sin a bhraitheadh.
- (c) I gcás go mbeidh feithicil lothcha go héagórach in áit teanntála neamhrechtúil mar gheall ar mhainneachtain ar thaobh an tiománaí nó an duine a bheidh i bhfeighil na feithicle an táille lothcha iomchuí a íoc nó mar gheall ar an tréimhse dá gceadaítear locadh faoi threoir na táille lothcha iomchuí a íocadh a bheith éagtha:
- (i) ní ceadmhach teanntán a dhaingniú den fheithicil,
 - (ii) ní ceadmhach an fheithicil a athshuíomh, nó
 - (iii) iad araon, de réir mar a bheidh,
- go dtí:

- (A) i gcás inar íocadh an táille lothha iomchuí, deich (10) nóimead tar éis an mhainneachtain an táille lothha iomchuí a íoc a bhraitheadh; nó
 - (B) i gcás go mbeidh an tréimhse, ar ina leith atá feidhm ag an táille lothha iomchuí a íocadh, éagtha, deich (10) nóiméad tar éis don tréimhse sin a bheith éagtha.
- (d) I gcás go mbeidh feithicil lothha go neamhdhleathach in áit teanntála reachtúil mar gheall ar shárú nó ar shárúithe ar na téarmaí agus na coinníollacha nó na srianta nó na toirmisc is infheidhme maidir le locadh san áit teanntála reachtúil lena mbaineann, seachas na téarmaí, na coinníollacha, na srianta nó na toirmisc a thagann faoi réim mhír (c):
- (i) is ceadmhach teanntán a dhaingniú den fheithicil,
 - (ii) is ceadmhach an fheithicil a athshuíomh, nó
 - (iii) iad araon, de réir mar a bheidh,
- aon tráth tar éis an locadh neamhdhleathach sin a bhraitheadh.
- (e) (i) I gcás go mbeidh feithicil lothha go héagórach nó go neamhdhleathach in áit teanntála mar gheall ar mhainneachtain ag an úinéir nó an duine atá i bhfeighil na feithicle an táille lothha a íoc, agus mar gheall ar sin amháin, ní ceadmhach an fheithicil sin a athshuíomh ón áit a bhfuil sí lothha go dtí go mbeidh tréimhse ceithre huaire is fiche (24) éagtha ón uair a braitheadh an locadh éagórach, ach amháin i gcás:
- (A) laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin, go ndearnadh an fheithicil a theanntáil agus gur baineadh an teanntán sin gan údarú; nó
 - (B) gur iarr comhalta den Gharda Síochána ar rialaitheoir lothha an fheithicil a athshuíomh.
- (ii) Maidir leis an mír seo (e) is mír í gan dochar d'aon chearta, leigheasanna nó teidlíochtaí a eascraíonn faoi mhíreanna (a), (b), (c) nó (d) agus ní dhéanfaidh sí difear don chéanna.
- (f) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo 5 maidir le haon áit a thagann faoi réim mhír (a) den mhíniú ar “áit teanntála reachtúil”.

An tréimhse ama chun teanntán a bhaint nó chun feithicil a scaoileadh

6. (a) I gcás go mbeidh muirear scaoilte teanntáin íoctha de réir Rialachán 14, bainfidh an t-oibritheoir teanntála an teanntán den fheithicil a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná dhá uair an chloig tar éis íocaíocht a fháil.
- (b) I gcás go mbeidh feithicil athshuite chuig áit nach féidir le húnéir na feithicle rochtain a fháil ar an bhfeithicil, scaoilfear an fheithicil nó beidh sí ar fáil lena scaoileadh, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná aon uair an chloig tar éis íocaíocht an mhuirir iomchuí a fháil agus éascóidh an t-oibritheoir teanntála scaoileadh na feithicle chuig an úinéir.

- (c) I gcás go mbeidh an muirear iomchuí is infheidhme maidir le feithicil tarscaoilte, beidh feidhm ag na tréimhsí a shonraítear i míreanna (a) agus (b) maidir leis an bhfeithicil sin ón tráth a thabharfar an bhreith an muirear iomchuí a tharscaoileadh.
- (d) Más rud é, tar éis don mhuirear iomchuí a bheith íoctha, go mainneoidh oibritheoir teanntála teanntán a bhaint laistigh de na tréimhsí a shonraítear i míreanna (a) agus (b), aisíocfaidh an t-oibritheoir teanntála méid an mhuirir iomchuí leis an duine a rinne an íocaíocht ar an gcéad ásc agus bainfead an teanntán a luaithe is féidir gan aon dliteanas eile a bheith ar an úineir nó an duine a bheidh i bhfeighil na feithicle.
- (e) Cinnteoidh oibritheoir teanntála go mbeidh rochtain gan bhacainn aige gach tráth ar áit teanntála ina bhfuil feithicil a ndearnadh í a theanntáil nó ar áit ina bhfuil feithicil athshuite d'fhonn an Rialachán seo a chomhlíonadh.

Méid muirir iomchuí- áiteanna teanntála neamhrechtúla

- 7. (a) Maidir leis an muirear iomchuí is ceadmhach a fhorchur in áit teanntála neamhrechtúil i leith -
 - (i) teanntán a bhaint d'fheithicil atá lothha go héagórach, nó
 - (ii) feithicil atá lothha go héagórach a athshuíomh,
 ní mó é ná na méideanna seo a leanas:
 - (A) i gcás go ndéanfar feithicil a theanntáil: €100;
 - (B) i gcás go ndéanfar feithicil a athshuíomh laistigh d'áit teanntála: €50;
 - (C) i gcás go ndéanfar feithicil a athshuíomh laistigh d'áit teanntála agus go ndearnadh í a theanntáil: €150; agus
 - (D) i gcás go ndéanfar feithicil a athshuíomh chuig póna: €150 agus €50 breise i leith gach lá (nó cuid de lá) a mbeidh an feithicil suite sa phóna seachas an lá ar a ndearnadh an feithicil a athshuíomh chuig an bpóna agus ní bheidh feidhm ag na muirir a meabhraíodh i bhfomhíreanna (A), (B) agus (C).
- (b) Beidh na cánacha (lena n-áirítear cáin bhreisluacha, más infheidhme), na tobhaigh agus na muirir go léir cuimsithe go hiomlán sna méideanna a leagtar amach i mír (a).
- (c) Ní ceadmhach aon phréimh nó táille eile a chur i bhfeidhm ar chúis ar bith i dteannta an mhuirir iomchuí a leagtar amach sa Rialachán seo.

Rochtain ar fheithicil athshuite

- 8. (a) I gcás go mbeidh feithicil athshuite ag oibritheoir teanntála in áit teanntála neamhrechtúil, seachas chuig ionad atá le hais an ionaid inar locadh an fheithicil i dtosach, nó óna bhfuil amharc soiléir ar an bhfeithicil uaithe, déanfaidh an t-oibritheoir teanntála:
 - (i) le guthán nó le ríomhphost, mionsonraí i dtaobh an athshuímh lena n-áirítear marc aitheantais na feithicle, déanamh, múnla agus dath na feithicle, an t-ionad ónar baineadh an fheithicil agus an t-ionad chuig a ndearnadh an

fheithicil a athshuíomh, a sholáthar don Gharda Síochána ag an stáisiún ar a bhfuil freagracht don cheantar ónar baineadh an fheithicil; agus

- (ii) nuair a dhéanfaidh an t-úinéir nó an duine a bhí i bhfeighil na feithicle sa tréimhse díreach roimh í a athshuíomh teagmháil, ionad reatha na feithicle a chur in iúl don duine sin.
- (b) I gcás go dtabharfar fógra de réir fhomhír (a)(i) le guthán, coinneoidh an t-oibritheoir teanntála clostaifeadadh den ghlaio gutháin agus beidh an taifeadadh sin ar áireamh sna taifid teanntála mar a leagtar amach i Rialachán 18.

Cineál an teanntáin

9. Maidir le teanntán a úsáidfeair i ngníomhaíochtaí teanntála:

- (a) beidh sé dea-dhéanta de mhíotal agus beidh ordú maith air;
- (b) beidh dath buí air; agus
- (c) beidh sé déanta ionas gur féidir le hoibritheoir teanntála inniúil é a fheistiú agus a bhaint gan damáiste a dhéanamh don fheithicil ná díobháil a dhéanamh don oibritheoir teanntála ná do dhaoine eile.

Fianaise ar locadh neamhdhleathach nó éagórach

- 10. (a) Cinnteoidh oibritheoir teanntála go bhfaighfeair fianaise ar locadh neamhdhleathach nó locadh éagórach an tráth a dhéanfar teanntán a dhaingniú d'fheithicil nó a ndéanfar an fheithicil a athshuíomh. Beidh grianghraif shoiléire dhaite lena dtaispeánfar an fheithicil agus í lochta amhlaidh ar áireamh san fhianaise sin. Taispeánfar uimhir chlarúcháin iomlán na feithicle i gceann amháin ar a laghad de na grianghraif sin. Beidh ar chumas ceamaraí a úsáidfeair sa nós imeachta seo grianghraif shoiléire dhaite a tháirgeadh cibé acu sa lá nó istoíche a ghlactar iad. Beidh ar áireamh i ngach grianghraif an dáta agus an t-am a glacadh an íomhá.
- (b) Féadfaidh oibritheoir teanntála fianaise eile a fháil freisin, lena n-áirítear físeáin nó t aifeadtaí eile. Beidh ar áireamh i ngach físeán nó taifeadadh eile a úsáidfeair mar fhianaise ar locadh neamhdhleathach nó locadh éagórach dáta agus am an taifeadta.
- (c) Ní ceadmhach grianghraif, físeáin nó taifeadtaí eile nó fianaise eile a athrú in aon slí óna riocht bunaidh.
- (d) Maidir leis an bhfianaise go léir a gheofar i leith gach cás gníomhaíochta teanntála-
 - (i) coinneoidh an t-oibritheoir teanntála í de réir Rialachán 18; agus
 - (ii) beidh sí ar fáil lena breithniú i gcás go ndéanfar achomharc faoi Chuid 3 den Acht.

Modh aitheantais oibritheora teanntála

- 11. (a) Déanfaidh gach comhalta d'fhoireann oibritheora teanntála nó oibritheoir teanntála, seachas comhalta den Gharda Síochána nó maor tráchta, agus é nó í ag gníomhú sa cháil sin -
 - (i) éide shainiúil shofheicthe a chaitheamh a bheidh de réir an méid seo a leanas

- (A) beidh ainm an oibritheora teanntála uirthi; agus
- (B) beidh uimhir aitheantais foirne uirthi a bheidh le feiceáil go soiléir gach tráth; agus
- (ii) beidh ag gach duine acu cárta aitheantais ar a mbeidh na nithe seo a leanas-
 - (A) ainm agus mionsonraí teagmhála an oibritheora teanntála;
 - (B) grianghraf iomlán daite de chineál pas den oibritheoir teanntála nó den chomhalta d'fhoireann oibritheora teanntála, de réir mar a bheidh;
 - (C) uimhir uathúil aitheantais an oibritheora teanntála nó an chomhalta d'fhoireann oibritheora teanntála, de réir mar a bheidh; agus
 - (D) dáta éagtha nó tréimhse bhailíochta an chárta.
- (b) Féadfaidh tiománaí nó duine atá i bhfeighil feithicil is ábhar do ghníomhaíochtaí teanntála a iarraidh cárta aitheantais an chomhalta d'fhoireann oibritheora teanntála a fheiceáil agus comhlíonfaidh an comhalta d'fhoireann oibritheora teanntála an iarraidh sin.
- (c) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó maor tráchta nó duine údaraithe cárta aitheantais comhalta d'fhoireann oibritheora teanntála a iniúchadh aon tráth nuair a bheidh an comhalta d'fhoireann oibritheora teanntála ag gabháil do ghníomhaíochtaí teanntála agus éascóidh an comhalta d'fhoireann oibritheora teanntála an t-iniúchadh sin.

Feithicil teanntála a aithint

12. (a) Beidh ar fheithicil arna húsáid ag oibritheoir teanntála le haghaidh gníomhaíochtaí teanntála marcálacha a léireoidh go soiléir go n-úsáidtear an fheithicil le haghaidh gníomhaíochtaí teanntála. Taispeánfar ar fheithicil den sórt sin, ar cheachtar taobh den fheithicil -
- (i) ainm, mionsonraí teagmhála agus suíomh gréasáin (má chothabhálann an t-oibritheoir teanntála suíomh gréasáin) an oibritheora teanntála ionas go mbeidh na mionsonraí sin inléite go soiléir ag duine a chomhlíonann na ceanglais maidir le radharc na súl sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú), 2006 agus nach mbeidh níos faide ná cúig (5) mhéadar ón bhfeithicil; agus
 - (ii) na focail “Clamping Vehicle” nó sa Ghaeilge, “Feithicil Clampála” nó iad araon, i dtéacs dubh agus ní bheidh airde an téacs níos lú ná dhá chéad (200) milliméadar.
- (b) Ní ceadmhach:
- (i) comharthaí lógó, seachas lógó an rialaitheora lochta agus/nó an oibritheora teanntála, nó
 - (ii) comharthaí de chineál fógraíochta,

a thaispeáint ar fheithicil teanntála, seachas cibé comharthaí a bheidh soláthraithe ag an monaróir mótaíre nó an comhlacht déileála mótaíre a mhargaigh an fheithicil i dtosach, mura mbeidh údarú roimh ré faighte ó ÚNI maidir le lógónna nó comharthaí eile den sórt sin.

Foirm fógra teanntála

13. (a) Is mar a leagtar amach i Sceideal 1 a ghabhann leis na Rialacháin seo a bheidh foirm fógra teanntála, seachas fógra arna eisiúint i leith feithicil arna teanntáil faoi alt 101B.
- (b) Maidir le fógra teanntála arna eisiúint de réir mhír (a) -
- (i) beidh sé inléite go hiomlán;
 - (ii) beidh sé clóite ar ábhar uiscédhíonach nó laistigh de chlúdach nó d'fhillteán trédhearcach uiscédhíonach nuair a dhaingneofar é den fheithicil de réir alt 13 den Acht; agus
 - (iii) beidh sé cuimsithe go hiomlán ar leathanach páipéir amháin nó ar ábhar den tsamhail chéanna.

Muirear iomchuí a íoc

14. (a) Déanfaidh oibrítheoir teanntála nó, de réir mar a bheidh, rialaitheoir lothcha, socrúithe réasúnacha chun a chumasú do dhuine a ndearnadh a fheithicil nó a feithicil a theanntáil nó a athshuíomh an muirear iomchuí a íoc láithreach tráth ar bith.
- (b) Cinnteoidh oibrítheoir teanntála nó, de réir mar a bheidh, rialaitheoir lothcha, go bhféadfar íocaíocht a dhéanamh ar dhá cheann de na modhanna seo a leanas ar a laghad:
- (i) cárta íocaíochta (cárta creidmheasa nó cárta dochair mar shampla);
 - (ii) córas íocaíochta dearbháin, i gcás ina mbeidh an córas íocaíochta dearbháin sin údaraithe ag ÚNI;
 - (iii) airgead tirim; agus
 - (iv) ar cibé modh arna údarú ag ÚNI.
- (c) I gcás go ndéanfar an muirear iomchuí a íoc le cárta íocaíochta nó trí chóras íocaíochta dearbháin, ní dhéanfaidh an t-oibrítheoir teanntála nó, de réir mar a bheidh, an rialaitheoir lothcha, aon táille bhreise nó muirear breise a fhorchur as an íocaíocht a dhéanamh ar an modh sin.
- (d) I gcás go mbeidh socrúithe déanta chun an muirear iomchuí a íoc trí chóras gutháin a úsáid, cinnteoidh an t-oibrítheoir teanntála nó, de réir mar a bheidh, an rialaitheoir teanntála nach mbeidh an muirear i leith an glao gutháin a dhéanamh níos mó ná an muirear i leith glao áitiúil den fhad céanna.

Rialacháin phionósacha – rialacháin teanntála

15. Maidir le gach ceann de Rialacháin 5, 6, 8, 9, 10, 11, 12, agus 14, deirtear leis seo gur foráil phionósach é chun críche alt 10(4) den Acht.

CUID 3

ACHOMHAIRC

Nósanna imeachta le haghaidh achomhairc

16. (a) Aon duine a ndearna rialaitheoir lothcha a fheithicil nó a feithicil a theanntáil nó a athshuíomh agus ar mian leis nó léi achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe sin, cuirfidh sé nó sí an t-achomharc isteach i bhfoirm scríofa nó trí mheán leictreonach laistigh de sheasca (60) lá ón tráth a ndearnadh an fheithicil a theanntáil nó a athshuíomh den chéad uair.
- (b) Áireofar in achomharc in aghaidh breith feithicil a theanntáil nó a athshuíomh na mionsonraí i dtaobh uimhir chlárúcháin na feithicle agus an dáta a ndearnadh an fheithicil a theanntáil nó a athshuíomh.
- (c) Féadfaidh rialaitheoir lothcha diúltú aon achomharc a bhreithniú nach gcomhlíonann míreanna (a) and (b).

Foráil a bhaineann le táille a mhúirearú i leith achomharc a dhéanamh chuig rialaitheoir lothcha

17. Ní ceadmhach do rialaitheoir lothcha aon táille nó muirear eile ar bith a fhorchur i leith achomharc a dhéanamh de réir alt 20 den Acht.

CUID 4

TAIFID A CHOIMEÁD AGUS FAISNÉIS A SHOLÁTHAR

Taifid

18. (a) Coimeádfaidh oibritheoir teanntála gach taifead a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
- (i) údarú údaráis an oibritheora teanntála ón rialaitheoir lochta chun gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh; agus
 - (ii) na gníomhaíochtaí teanntála go léir arna ngabháil de láimh ag an oibritheoir teanntála,
- (le chéile, na “taifid teanntála”) go ceann tréimhse trí (3) bliana.
- (b) Beidh ar áireamh sna taifid teanntála cóipeanna nó bunchóipeanna, de réir mar a bheidh, de na fógraí, grianghraif, mionsonraí i dtaobh comharthaíocht, leabhair nótaí foirne, fístaifeadtaí, taifid íocaíochta, cibé acu an trí mheán leictreonach nó ar shlí eile a rinneadh iad, comhfhreagras le gluaisteánaithe agus daoine eile den phobal a bhaineann le gníomhaíochtaí teanntála, clostaiifeadtaí de ghlaonna gutháin chuig lárionaid ghlaonna agus lárionaid oibríochta agus ó lárionaid ghlaonna agus lárionaid oibríochta, agus taifid eile a mheasfaidh ÚNI le réasún gur taifid teanntála iad, go léir.
- (c) Féadfar na taifid teanntála a shealbhu go leictreonach nó i bhfoirm scríofa.
- (d) Déanfar na taifid teanntála go léir a shealbhóidh oibritheoir teanntála nó rialaitheoir lochta i bhfoirm scríofa a choimeád ar mhodh sábháilte agus déanfar na taifid teanntála leictreonacha go léir a chosaint ó rochtain neamhúdaráithe nó ó éilliú.

Faisnéis a sholáthar

19. (a) Ar iarraidh ó ÚNI nó ó dhuine údaráithe, déanfaidh rialaitheoir lochta an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil do ÚNI nó don duine údaráithe -
- (i) liosta iomlán de na háiteanna teanntála go léir atá faoina rialú agus ina leagfar amach mionsonraí i dtaobh a n-ionad agus a n-acmhainn lochta (más ann), an muirear nó na muirir iomchuí is infheidhme (más ann) agus cibé faisnéis eile a iarrfar le réasún;
 - (ii) fianaise lena dtaispeánfar gurb é nó í an rialaitheoir lochta úinéir tairbhiúil áite teanntála atá faoina rialú nó fianaise lena dtaispeánfar go bhfuil an rialaitheoir lochta údaráithe ag an úinéir chun gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh ag an áit teanntála sin; agus
 - (iii) na taifid go léir nó taifid sonraithe a bhaineann le gníomhaíochtaí teanntála a tharla in áiteanna teanntála a leagtar amach i bhfomhír (i).
- (b) Féadfaidh ÚNI nó duine údaráithe a cheangal go ndéanfar taifid a iarrfar de réir fhomhíreanna (a)(i), (ii) agus (iii) a sholáthar trí mheán leictreonach nó trí mheán sonraithe eile agus comhlíonfaidh an rialaitheoir lochta an iarraidh sin.
- (c) Déanfaidh rialaitheoir lochta na taifid a iarrfar de réir fhomhíreanna (a)(i), (ii) agus (iii) a sholáthar laistigh de cheithre lá dhéag (14) ón iarraidh sin a fháil nó laistigh de

cibé tréimhse de bhreis ar cheithre lá dhéag (14) a shonróidh ÚNI nó a chomhaontófar leis.

- (d) Ar iarraidh ó ÚNI nó ó duine údaraithe, déanfaidh oibritheoir teanntála taifid sonraithe a bhaineann le gníomhaíochtaí teanntála arna ndéanamh ag an oibritheoir teanntála nó ag comhaltaí d'fhoireann an oibritheora teanntála a chur ar fáil do ÚNI nó don duine údaraithe.
- (e) Féadfaidh ÚNI nó duine údaraithe a cheangal go ndéanfar taifid a iarrfar de réir mhír (d) a sholáthar trí mheán leictreonach nó trí mheán sonraithe eile agus comhlíonfaidh an t-oibritheoir teanntála an iarraidh sin.
- (f) Déanfaidh oibritheoir teanntála na taifid a iarrfar de réir mhír (d) a sholáthar laistigh de cheithre lá dhéag (14) ón iarraidh sin a fháil nó laistigh de cibé tréimhse de bhreis ar cheithre lá dhéag (14) a shonróidh ÚNI nó a chomhaontófar leis.
- (g) I gcás ina mbeidh taifead nó doiciméad a iarrfar faoin Rialachán seo 19 stóráilte i bhfoirm neamh-inléite, déanfaidh an rialaitheoir loctha nó an t-oibritheoir teanntála, de réir mar a bheidh, an taifead sin a tháirgeadh i bhfoirm inléite, laistigh den tréimhse fhorordaithe nó den tréimhse eile a bheidh sonraithe ag ÚNI nó comhaontaithe leis.

CUID 5

COMHARTHAÍOCHT

Feidhm na rialachán maidir le comharthaíocht

20. Beidh feidhm ag ceanglais na Coda 5 seo maidir le háit teanntála seachas bóthar poiblí.

Ceanglais ghinearálta maidir le faisnéis teanntála agus comharthaí gaolmhara eile

21. (a) Déanfaidh rialaitheoir lothcha, i leith gach áite teanntála arb é nó í an rialaitheoir lothcha ina leith é nó í, cibé comharthaí faisnéise teanntála a éilítear faoi na Rialacháin seo a sholáthar agus a chothabháil.
- (b) Maidir le gach comhartha a sholáthraítear chun críocha na Rialachán seo –
- (i) beidh siad déanta de réir dea-chaighdeán ceardaíochta;
 - (ii) beidh siad déanta as ábhair de chineál dea-cháilíochta, inmharthana agus síonfhriotaíoch atá oiriúnach don suíomh ina bhfuil an comhartha suite nó a mbeartaítear é a shuíomh ann;
 - (iii) beidh codarsnacht dhóthanach dathanna ann idir an téacs agus cúlra an téacs chun inléiteacht a chinntiú;
 - (iv) cothabhálfar iad i riocht iomlán, agus bail mhaith orthu agus iad saor ó aon locht suntasach; agus
 - (v) cothabhálfar iad i riocht glan ionas go mbeidh an téacs agus an fhaisnéis infheicthe gach tráth.
- (c) Maidir le haon chomhartha atá ann in áit teanntála, ní bheidh aon fhocail ná siombailí atá idirdhealaitheach, míthaitneamhach nó maslach iontu.
- (d) Déanfar gach comhartha faisnéise teanntála a shuíomh agus a lonnú, de réir na Rialachán seo, ionas go mbeidh siad infheicthe go soiléir ag tiománaithe feithiclí a bhfuil rochtain á fáil acu ar áit teanntála nó atá á locadh in áit teanntála.

Comharthaí ginearálta ag an mbealach isteach chuig suímh lothcha

22. (a) Déanfaidh rialaitheoir lothcha, i ndáil le háit teanntála arb é nó í an rialaitheoir lothcha ina leith é nó í agus:
- (i) ina soláthraítear locadh ar an táille iomchuí lothcha a íoc, nó
 - (ii) ina soláthraítear locadh gan aon cheanglas i leith táille iomchuí lothcha a íoc,

a chinntiú go ndéanfar comhartha a sholáthar ag gach suíomh a bheidh á úsáid ag feithiclí chun rochtain a fháil ar an áit teanntála sin, ar comhartha é ina luafar go soiléir i bhfoirm achomair na príomhthéarmaí, na príomhchoinníollacha, na

príomhshrianta, na príomhthoirmisc agus na príomhtháillí a fhéadfar a fhorchur, de réir mar a bheidh, i dtaca le locadh feithicle san áit teanntála sin.

- (b) Beidh méid agus suíomh an chomhartha nó na gcomharthaí a éilítear faoi mhír (a) de chineál a fhágfaidh go bhfuil an fhaisnéis ar gach comhartha den sórt sin infheicthe go soiléir agus inléite ag tiománaí feithicle a chomhlíonann na ceanglais maidir le radharc na súil atá ann sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú) 2006 agus é nó í ina shuí nó ina suí san fheithicil ag an mbealach isteach chuig an áit teanntála sin nó ag aon bhacainn iontrála isteach ón mbealach isteach chuig an áit teanntála sin.

Comharthaí teanntála ag an mbealach isteach agus ag an mbealach amach do choisithe

23. (a) Faoi réir mhíreanna (b) agus (c), soláthrófar comhartha faisnéise teanntála in áit teanntála –
- (i) i gcás bóthair seachas bóthar poiblí, ag gach áit ina mbuaileann an bóthar sin le bóthar poiblí nó le bóthar eile nach bóthar poiblí é agus nach cuid den áit teanntála é, nó gar do gach áit den sórt sin;
 - (ii) i gcás carrchlós ilstóir, ag gach bealach isteach chuig an gcarrchlós d'fheithiclí agus ag gach bealach amach as an gcarrchlós do choisithe;
 - (iii) i gcás carrchlós aon stóir nó carrchlós dromchla ina gceadaítear locadh ag daoine den phobal, ag gach bealach isteach chuig an gcarrchlós d'fheithiclí agus ag gach bealach amach as an gcarrchlós do choisithe; agus
 - (iv) seachas áit teanntála a thuairiscítear i bhfomhíreanna (i), (ii) nó (iii), ag gach bealach isteach chuig an áit teanntála sin d'fheithiclí agus de réir Rialachán 24.
- (b) I gcás nach bhfuil aon bhealach isteach chuig áit teanntála ann atá sainithe go soiléir, déanfar comhartha nó comharthaí faisnéise teanntála, de réir mar a bheidh, a sholáthar ag gach suíomh a fhéadfar a úsáid chun rochtain a thabhairt d'fheithiclí ar an áit teanntála.
- (c) I gcás ina soláthraíonn áit teanntála locadh, féadfar an fhaisnéis teanntála a chumasc leis na comharthaí a éilítear faoi Rialachán 22(a), ar choinníoll nach lú infheictheacht na faisnéise a éilítear faoi Rialachán 25(a) agus atá ann sa chomhartha cumaiscthe sin ná infheictheacht na faisnéise a bheadh ann dá ndéanfaí comhartha ar leithligh a chomhlíonann Rialachán 25 a sholáthar.
- (d) Déanfar gach comhartha faisnéise teanntála a chuirtear ag bealach isteach chuig áit teanntála a lonnú agus a threoshuíomh sa chaoi go bhfuil sé infheicthe go soiléir ag tiománaí feithicle atá ag dul isteach san áit teanntála (ar tiománaí é nó í a chomhlíonann na ceanglais maidir le radharc na súil atá ann sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú) 2006).

Suímh le haghaidh comharthaí breise

24. (a) De bhreis ar cheanglais Rialacháin 22 agus 23 agus faoi réir mhír (b), déanfaidh rialaitheoir loctha, i leith gach áite teanntála arb é nó í an rialaitheoir loctha ina leith é nó í, cibé comharthaí breise is gá chun leibhéal réasúnach fógra a sholáthar faoi

ghníomhaíochtaí teanntála a bheith ar siúl san áit teanntála sin a sholáthar agus a chothabháil ar fud na háite teanntála.

- (b) Déanfar gach comhartha faisnéise teanntála a lonnú agus a threoshuíomh sa chaoi go bhfuil sé infheicthe go soiléir ag daoine atá i ngarchomharsanacht na háite teanntála ina bhfuil an comhartha suite.

Mionsonraí comharthaí faisnéise teanntála

25. (a) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ann i gcomhartha faisnéise teanntála –
- (i) an tsiombail teanntála agus í céad (100) milliméadar ar a laghad ar airde, i gcás ina bhfuil an comhartha suite ag bealach isteach chuig áit teanntála, agus cúig mhiliméadar is seachtó (75) ar airde i ngach cás eile;
 - (ii) fógra á rá go bhfuil gníomhaíochtaí teanntála i ngníomh sa suíomh sin;
 - (iii) ainm agus mionsonraí teagmhála an oibreora teanntála;
 - (iv) mionsonraí achoimre faoi na srianta agus faoi na toirmisc a bhfuil feidhm acu san áit teanntála sin;
 - (v) an muirear i leith scaoileadh an teanntáin (más ann);
 - (vi) an muirear i leith athshuíomh (más ann); agus
 - (vii) fógra faoi aon mhuirir bhreise a d'fhéadfadh a bheith iníoctha i leith feithicle atá athshuite.
- (b) Ní bheidh méid comhartha faisnéise teanntála a shuítear ag an mbealach isteach chuig áit teanntála níos lú ná 0.5 méadar x 0.5 méadar ná 0.25 méadar cearnach.
- (c) Ní bheidh méid comhartha faisnéise teanntála, seachas comhartha faisnéise teanntála a shuítear ag an mbealach isteach chuig áit teanntála, níos lú ná 0.4 méadar x 0.4 méadar ná 0.16 méadar cearnach.
- (d) Beidh an fhocláíocht ar chomhartha faisnéise teanntála i gcaint shoiléir agus beidh sí intuigthe ag duine a léann an comhartha.
- (e) Déanfar an fhaisnéis a sholáthraítear de réir fhomhíreanna (a)(ii), (iii), (iv), (vi) agus (vii) a chur ar taispeáint sa chaoi go bhfuil sé inléite go soiléir ag duine a chomhlíonann na ceanglais maidir le radharc na súl atá ann sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú) 2006.
- (f) I gcás ina bhfuil comhartha faisnéise suite in áit teanntála ar an 1 Meitheamh 2017 agus go gcomhlíonann an comhartha na ceanglais le haghaidh comhartha faisnéise teanntála atá leagtha amach sa Rialachán 25 seo, seachas i leith na siombaile teanntála, féadfar an comhartha sin a úsáid in ionad comhartha faisnéise teanntála ach sin faoi réir an méid seo a leanas:
- (i) dearadh agus airde na siombaile atá á húsáid ar an gcomhartha a bheith ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair mar mhalairt inghlactha ar an tsiombail teanntála; agus

- (ii) comhartha eile a chomhlíonann an Rialachán 25 seo a chur in ionad an chomhartha atá ann agus sin a dhéanamh an 1 Eanáir 2021 nó roimhe, lena n-áirítear an méid a bhaineann leis an tsiombail teanntála.

SCEIDEAL 1

Foirm Fógra Teanntála

Alt 13 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015

(Feithicil atá loctha de shárú ar shrian nó toirmeasc arna fhorchur ag rialaitheoir loctha nó úinéir áite teanntála a chur ó ghluaiseacht)

Fógra Uimhir: [cuir isteach uimhir thagartha nó sraithuimhir uathúil]

Ionad: Dáta: Am:

Tá teanntán feistithe den fheithicil ar a bhfuil an marc aitheantais [cuir isteach marc aitheantais na feithicle], a fuarthas [cuir isteach an t-am a braitheadh] an [cuir isteach an dáta a braitheadh] loctha [luaigh cineál an tsáraithe nó na sárúithe loctha] de shárú ar shrian nó toirmeasc arna fhorchur nó ar shrianta no toirmisc arna bhforchur ag [cuir isteach ainm an rialaitheora loctha nó úinéir na háite teanntála], ag an duine a bhfuil a ainm nó a hainm leis seo de réir fhorálacha an Achta um Theanntáil Feithiclí, 2015 agus na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017.

Déanfar socrú chun an teanntán a bhaint tar éis d'úinéir na feithicle (nó duine a bheidh údaraithe ag an úinéir) an muirear iomchuí € [cuir isteach an muirear] a íoc [leag amach na bearta atá le déanamh chun go mbainfear an teanntán]

Arna shíniú: _____
[cuir isteach síniú an chomhalta d'fhoireann an oibritheora teanntála]

Uimhir Foirne: _____
[cuir isteach uimhir foirne an chomhalta d'fhoireann an oibritheora teanntála]

Rabhadh

Níor chóir aon iarracht a dhéanamh an fheithicil seo a thiomáint nó a chur ag gluaiseacht ar shlí eile go dtí go mbainfear an teanntán di.

Ceart Achomhairc

Féadfaidh duine a mbeidh a fheithicil nó a feithicil teanntáilte in áit teanntála nó athshuite laistigh d'áit teanntála nó uaithi, tar éis an muirear iomchuí a íoc, achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe an fheithicil a theanntáil nó a athshuíomh.

[cuir isteach mionsonraí i dtaobh nósanna imeachta achomhairc an oibritheora teanntála nó an rialaitheora loctha]

Ní ceadmhach ach d'úinéir na feithicle (nó duine a bheidh údaraithe ag an úinéir) amháin an fógra seo a bhaint.

SCEIDEAL 2

Siombail Teanntála



Dath 1 = pantoin Dubh

Dath 2 = pantoin 116 C

Dath 3 = pantoin Bán

ARNA THABHAIRT faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair,
DD/MM/2017.

[AINM],
Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.